Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Tag:/Re: Polasaí Um Riachtanais Speisialta

Polasaí um Riachtanais Speisialta – Gaelscoil Moshíológ

Réamhrá:

Is scoil idirchreidmheach, comhoideachasúil í Gaelscoil Moshíológ atá faoi phatrún an Fhorais Phatrúnachta. Dearbhaíonn an t-alt thíos ó ráiteas misin na scoile treoirphrionsabail an pholasaí seo.
Tá an scoil tiomanta do chur chuige iomlánaíoch don oideachas.
Aithnímid uathúlacht gach páiste atá faoinár gcúram, agus déantar gach iarracht tacú leo barr a c(h)umais a bhaint amach laistigh d'atmaisféar cothaitheach ina léirítear meas ar a chéile.
Chun an cuspóir seo a bhaint amach, bímid ag obair in éineacht le tuismitheoirí agus leis an bpobal níos leithne.

Rollú:

Is é polasaí rollaithe na scoile a rialaíonn rollú gach dalta agus tá cóip den pholasaí seo ar fáil don fhoireann agus do thuismitheoirí i bpóirse na scoile.

Treoirlínte an Pholasaí:

Tugtar comhairle phraiticiúil sna treoirlínte seo do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'aon duine eile a léiríonn suim i soláthar tacaíochta foghlama éifeachtaí do dhaltaí a mbíonn gnóthachtáil íseal acu agus/nó deacrachtaí foghlama acu. Leis na treoirlínte seo, comhlíontar dualgais na scoile de réir na nAchtanna thíos:

An tAcht Oideachais (1998)
An tAcht Oideachais (Leas), 2000
An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
An Bille um Míchumas (2002)
An tAcht E.P.S.E.N. (2004)

Tá sé mar pholasaí ag an scoil seo gach páiste a chur san áireamh, go háirithe na páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu, mar chuid lárnach de phobal na scoile.
Is ionann daonra na ndaltaí oideachais speisialta sa scoil agus na daltaí seo a leanas:

- Daltaí atá ar speictream an uathachais

- Daltaí a bhfuil riachtanais íosmhinicíochta oideachais acu
- Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta ardmhinicíochta oideachais acu
- Daltaí a bhfuil riachtanais mhothúchánacha/iompraíochta acu

Cinntítear go bhfuil áit lárnach ag na daltaí seo i bpobal na scoil trí chuimsiú, a mbíonn na prionsabail a leanas ag baint leis:

1. Luath-idirghabháil
2. Dúshláin foghlama oiriúnacha
3. Freastal ar riachtanais foghlama éagsúla na ndaltaí
4. Baic maidir le foghlaim agus measúnú a shárú
5. Cinntiú go mbíonn rochtain ag gach páiste ar churaclam leathan cothromaithe agus go mbíonn comhdheis acu oideachas a fháil a mbíonn dírithe ar na riachtanais a bhíonn acu

Cleachtas Ionchuimsitheach:

- Córas Cairdis: Cuirfear córas cairdis ar bun, ag brath ar riachtanais aitheanta, ionas go mbeidh an scoil in ann a polasaí maidir le comhtháthú agus cuimsiú daltaí a chomhlíonadh An sprioc atá taobh thiar den chóras seo ná dearcadh fáilteach agus caoinfhulangach a bhunú maidir le héagsúlacht laistigh de phobal na scoile.
- Aithnítear go mbíonn ról lárnach ag an gClár OSPS chun tacú le hionchuimsitheacht nuair a chuirtear an clár ar fáil i mbealach éifeachtach do gach dalta.
- Bainfear úsáid as am ciorcail chun na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chomhtháthú agus chur san áireamh.
- Tá gach dalta i dteideal am sosa agus am spraoi. Tabharfaidh an múinteoir a bhíonn ar dhualgas clóis tacaíocht agus déanfaidh sé/sí monatóireacht ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu sa chlós. Tabharfaidh an fhoireann tacaíocht d'aon socruithe speisialta a dhéanfar nó d'aon chlár bainistíocht a chuirfear i bhfeidhm.
- **Baineann an polasaí um shábháilteacht agus sláinte leis an bhfoireann scoile uile agus leis na daltaí. Tá teacht ag an bhfoireann scoile ar an bpolasaí seo. Ní mór féachaint ar an bpolasaí seo má thagann ceist chun cinn maidir le leigheas a riaradh.**
- Cuirtear seomra folctha príobháideach agus cithfholcadh ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir le sláinteachas, le hoiliúint leithris agus le saincheisteanna féin-chúraim,

An Soláthar atá ann faoi láthair:

Tá na soláthairtí seo a leanas ann do dhaltaí sa scoil a bhfuil riachtanais speisialta orthu:

Foireann:

Tá beirt mhúinteoirí lánaimseartha agus múinteoir amháin roinnte idir ár scoil agus scoile eile. Bíonn an múinteoir seo I láthair inár scoil gach Luan, Céadaoin agus Aoine.

Amchlár:

- Mar chuid den soláthar Oideachais Speisialta d'fhéadfadh daltaí a thógáil amach as a rang agus/nó buíonteagasc sa seomra ranga.
- Déanann múinteoirí ranga iarracht a chinntiú nach gcaileann daltaí amach ar an ábhar curaclaim céanna gach uair a thógtar ón rang iad do thacaíocht.
- Bheifí ag súil go mbainfear triail as cur chuige solúbtha agus amchlár á dhearadh ach ag cinntiú ag am céanna go mbeidh an méid is lú cur isteach ar an rang.
- Ní mór am a chur ar fáil do chomhairliúchán agus do chomhoibriú don tacaíocht Oideachais Speisialta. Cé go n-aithnítear an luach a bhaineann le teagmháil laethúil neamhfhoirmiúil, eagrófar cruinnithe leis an múinteoir ranga ionas go mbeidh deis aige/aici dul i mbun plé leis an múinteoir oideachais speisialta roimh thús na seisiún buíonteagaisc agus arís nuair a bheidh na seisiúin críochnaithe. Cuirfear ionadaí ina (h)áit sa rang le linn na gcruinnithe seo.

Comhad Tacaíochta an Dalta:

Tá teimpléad do chomhad tacaíochta an dalta forbartha ag Gaelscoil Moshíológ ar mhaithe le cur ar chumas na scoile idirghabhála a phleanáil agus chun dul chun cinn gach páiste a leanúint tríd an gcontanam tacaíochta. Cabhraíonn an teimpléad le múinteoirí dul chun cinn agus riachtanais a thaifeadadh thar tréimhse ama agus cabhraíonn sé leo an leibhéal tacaíochta cuí a chur ar fáil do dhaltaí, de réir a leibhéil riachtanais. Tar éis idirghabháil a chur I bhfeidhm agus dul chun cinn a athbhreithniú, déantar cinneadh maidir leis an leibhéal tacaíochta cuí a bhíonn ag teastáil ón dalta. Ag eascairt as an athbhreithniú seo, d'fhéadfaí deireadh a chur leis an tacaíocht, leanúint leis an leibhéal tacaíochta céanna nó tacaíocht ar leibhéal níos ísle/airde a sholáthar mar is cuí.

Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a aithint:

Aithnítear páistí a mbíonn teagasc breise uathu ón múinteoir oideachais speisialta ó na foinsí seo a leanas:

- Eolas ón bhfoirm rollaithe
- Ionchur ó thuismitheoirí;
- Breathnóireacht an mhúinteora;
- Trialacha agus tascanna arna deartha ag an múinteoir;
- Seicliostaí;
- Scrúduithe caighdeánaithe;
- Tuarascálacha seachtracha.

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as scrúduithe caighdeánaithe chun gnóthachtáil daltaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a scagadh agus a aithint. Tabharfar tús áite don tacaíocht sa litearthacht agus san uimhearthacht do na daltaí sin a bhíonn ag feidhmiú faoin 13 peircintíl.

Is iad seo a leanas na scrúduithe caighdeánaithe a úsáidtear sa scoil:

Tástáil	Rang	Am den Bhliain
Belfield Screening Test	Naíonáin Bheaga	Márta
Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht	Naíonáin Mhóra	Márta
Drom Conrach don Ghaeilge	Rang 1 – Rang 6	Bealtaine
Sigma T	Rang 1 – Rang 6	Bealtaine
Micra T	Rang1 – Rang 6	Bealtaine
NNRIT	Rang 2 & Rang 5	Bealtaine

Scríobhtar torthaí na scrúduithe caighdeánaithe sa tuairisc dheireadh bliana agus bíonn bileog eolais dhátheangach faoi thorthaí na scrúduithe caighdeánaithe seolta abhaile leis an tuairisc. Úsáidtear an scrúdú Droim Conrach do Naíonáin Mhóra (má dhéantar cinneadh úsáid a bhaint as) ar mhaithe le measúnú den fhoghlaim amháin agus ní dhéantar tagairt don scrúdú sin sa tuairisc dheireadh bliana.

Is é/í múinteoir eile sa scoil a thugann agus a cheartaíonn na scrúduithe caighdeánaithe seachas an múinteoir ranga ar mhaithe le tástáil neamhchlaonta a chinntiú. Foilsítear dáta sealadacha do na scrúduithe caighdeánaithe ar fhéilire na scoile le tinreamh a chur chun cinn ar na laethanta sin. Má tharlaíonn sé go mbíonn dalta as láthair do scrúdú, déanfaidh na múinteoirí Oideachais Speisialta gach iarracht dáta eile a eagrú don tástáil do na daltaí sin. Ní féidir an cleachtas seo a chinntiú.

Seoltar na tuairiscí scoile mar aon le torthaí na scrúduithe caighdeánaithe abhaile suas go coicís roimh laethanta saoire an tsamhraidh chun deis a thabhairt do thuismitheoirí bualadh leis an múinteoir ranga chun torthaí na scrúduithe caighdeánaithe a phlé más mian leo.

D'fhéadfadh na torthaí ó na scrúduithe caighdeánaithe bliantúla ar nós an SIGMA-T, an MICRA-T agus na scrúduithe Dhroim Conrach tacú le modhanna tástála eile ar nós breathnóireacht an mhúinteora. Ní mór an tábhacht céanna a leagan ar thuairim phroifisiúnta an mhúinteora maidir le dul chun cinn an pháiste is a leagtar ar thorthaí scrúduithe caighdeánaithe. Is é/í, mar aon le tuismitheoirí an pháiste, na daoine a bhfuil an t-eolas is fearr acu maidir le cumas an pháiste.

Uaireanta tharlódh sé nach ndéanfaidh an páiste chomh maith agus ba cheart dó/di sa scrúdú. Sa chás seo, seans go mbeidh orthu scrúdú caighdeánaithe éagsúil a dhéanamh le fáil amach ar léirigh gnóthachtáil an pháiste sa chéad scrúdú an fíorchumas atá aige/aici.

Tabharfar tús áite don Oideachas Speisialta do na daltaí seo a leanas:

- Páistí a fuair teagasc breise ó mhúinteoir tacaíochta foghlama nó ó mhúinteoir acmhainne roimhe seo agus a bhfuil deacrachtaí foghlama suntasacha fós acu
- Daltaí a aithníodh a bhfuil riachtanais shuntasacha acu trí phróiseas measúnaithe leanúnach agus trí idirghabháil mar a leagtar amach sa Phróiseas um Chontanam Tacaíochta (ROS 2010). Beidh an fianaise seo le feiceáil sa mheasúnú a rinneadh sa scoil

maidir le feidhmiú gnóthachtála, iompair, sóisialta agus mothúchánach agus sa mhonatóireacht leanúnach a dhéantar ar thorthaí foghlama.

- Daltaí a bhfuil riachtanais oideachasúla éadroma nó shealadacha orthu ar nós na riachtanais a bhaineann le deacrachtaí urlabhra agus teanga, le fadhbanna sóisialta nó mothúchánacha, le comhordú nó le fadhbanna a bhaineann le haird a smachtú. Daltaí a bhfuil míchumas foghlama faoi leith orthu.
- Daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta shuntasacha acu. Mar shampla, daltaí a bhfuil riachtanais foghlama, iompair, mhothúchánacha, fhisiceacha agus chéadfacha faoi leith acu. Tá tacaíocht teagaisc bhreise ó na daltaí seo toisc go bhfuil clár foghlama indibhidiúil agus difreáilte uatha a tá deartha agus bunaithe ar a riachtanais.
- Daltaí a bhfuil riachtanais foghlama sa bhreis acu ó thaobh litearthachta nó uimhearthachta de, daltaí a bhfuil tacaíocht teanga bhreise uathu sa Bhéarla san áireamh.

Ní mór déine na tacaíochta breise a chuirtear ar fáil do na daltaí a bhfuil gnóthachtáil íseal acu agus do na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhunú ar a riachtanais agus ní mór an tacaíocht seo a chur ar fáil ar bhonn difreáilte tríd an bpróiseas um chontanam tacaíochta.

Buíonteagasc:

Cuireann an scoil tacaíocht inranga ar fáil do na páistí aitheanta agus do ghrúpaí páistí a bhíonn ag gnóthachtáil ar an leibhéal céanna. Eagraíonn na múinteoirí Oideachais Speisialta agus an múinteoir ranga stáisiúin teagaisc bunaithe ar ábhar faoi leith i ngach rang ar feadh tréimhse ama faoi leith. Tugtar tacaíocht do pháistí a mbíonn deacracht acu sa réimse curaclaim sin (Litearthacht nó Uimhearthacht) agus do pháistí tallannacha ag gach stáisiún le linn na seisiún. Cuirtear réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar bun sna ranganna éagsúla le linn buíonteagaisc, ag brath ar riachtanais na bpáistí.

I measc na samplaí tá:

- Léitheoireacht Ghaeilge i ngrúpaí (de réir cumais, ar mhaithe le leibhéil tuisceana éagsúla a éascú)
- Léitheoireacht Bhéarlai ngrúpaí (de réir cumais, ar mhaithe le leibhéil tuisceana éagsúla a éascú)
- Dul siar ar fhuaimeanna agus ar ainmneacha na litreacha (Naíonáin)
- Mata i ngrúpaí ag baint úsáide as fíorábhair
- Straitéisí chun fadhbanna a réiteach
- Focail ardmhinicíochta i ngrúpaí
- Peannaireacht i ngrúpaí
- Forbairt na matán láimhe (Naíonáin)

Anois is arís, beidh gá páiste a mheas chun a láidreachtaí agus a laigi a aithint agus chun monatóireachta a dhéanamh ar a d(h)ul chun cinn lasmuigh den bhuíonteagaisc, le cead ó thuismitheoirí.

Róil agus Freagrachtaí:

Is freagracht chomhoibríoch í an tacaíocht a thugtar do dhaltaí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta acu, freagracht a bhíonn roinnte idir na páirtithe go léir a bhaineann leis an eispéireas foghlama. San áireamh anseo tá an Bord Bainistíochta, ERSO, Príomhoide, comhordaitheoir Oideachais Speisialta, múinteoir ranga, múinteoirí oideachais speisialta, tuismitheoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, múinteoirí a thagann ar cuairt, oifigigh teagmhála baile/scoile

An Bord Bainistíochta:

Comhlíonfaidh an Bord a ndualgais dhlíthiúla maidir le daltaí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta orthu. Beidh baill an bhoird eolach ar sholáthar RSO na scoile, m.sh. maoiniú, fearais, foireann.

Príomhoide:

Is é ról an phríomhoide ná:

- Freagracht a ghlacadh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí scoile maidir le riachtanais oideachais speisialta i gcomhpháirt leis an mBord Bainistíochta, le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le daltaí;
- Teagmháil a dhéanamh le agus obair as lámh a chéile leis na comhordaitheoirí um riachtanais oideachais speisialta agus leis an bhfoireann oideachais speisialta;
- Dul i gcomhairle le agus teagmháil a dhéanamh leis an ERSO maidir le huaireanta tacaíochta agus le soláthar tacaíochta, foirne agus áiseanna.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an pholasaí um riachtanais speisialta sa scoil.

Múinteoir Ranga: Céim a hAon (Tacaíocht Ranga)

Is ar an múinteoir ranga a bhíonn an phríomhfhreagracht maidir le dul chun cinn na ndaltaí uile ina s(h)eomra ranga, na daltaí a aithnítear don teagasc breise san áireamh. Roinntear agus pléitear sainmhíniú soiléir ar Chéim a hAon leis na baill foirne ag tús na scoilbhliana.

- Chun tús a chur leis an bpróiseas trí-chéim ar mhaithe le daltaí féideartha a aithint agus a mheas do thacaíocht oideachais speisialta;
- Chun eolas a fháil faoi dheacrachtaí foghlama a ndaltaí I gcomhpháirt leis an múinteoir tacaíochta ionas go mbeidh an múinteoir in ann an curaclam a chomhtháthú agus a dhifreáil do na daltaí sin a mbíonn riachtanais oideachais speisialta orthu;
- Chun líonra tacaíochta a bhunú idir an rang agus na múinteoirí oideachais speisialta ar mhaithe leis an cláir a chur i bhfeidhm;
- Le cinntiú go mbeidh an múinteoir páirteach i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an phlean oideachais don dalta aonair

- Le cinntiú go mbeidh an múinteoir ag obair i gcomhpháirt le gníomhairí proifisiúnta seachtracha agus le tuismitheoirí agus iad ag tacú leis an bplean oideachais don dalta aonair
- Tá fillteán ag gach múinteoir ranga ina ndéantar cur síos ar na céimeanna a bhaineann le tacaíocht foghlama, ina moltar modhanna chun tacú le daltaí sa rang agus conas difreáil a dhéanamh do dheacrachtaí ginearálta mar aon le deacrachtaí foghlama agus deacrachtaí faoi leith. Tá eolas san fhillteán ar dheacrachtaí comónta a bhíonn ag daltaí agus tugtar cur síos ar chomharthaí agus ar na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil don deacracht sin. Tá moltaí ann freisin faoi conas scileanna forbartha a aithint agus conas tacú leo ar nós scileanna éisteachta, radhairc agus mínluaile. Tá liosta ann freisin de na scrúduithe caighdeánaithe agus diagnóiseacha a úsáidtear sa scoil.

Múinteoir Riachtanas Speisialta: Céim a Dó (Tacaíocht Scoile) & Céim a Trí (Tacaíocht Scoile sa Bhreis)

- Chun páirt a ghlacadh sa phróiseas trí-chéim de mheasúnú leis an múinteoir ranga

Céim a Dó: *Tacaíocht scoile:* Cuirfidh an múinteoir oideachais speisialta plean oideachais don dalta aonair le chéile i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga, leis na tuismitheoirí agus le baill foirne eile.
Céim a Trí: *Tacaíocht Scoile sa Bhreis:* Eagraíonn an scoil seisiún comhairliúcháin foirmiúil leis na tuismitheoirí, leis na múinteoirí agus le gníomhairí seachtracha. Cuirtear tús le timthriall nua de chomhairliúchán, de mheasúnú agus de phleanáil. Is ag an gcéim seo a d'fhéadfadh measúnú síceolaíochta oideachais foirmiúil tarlú. Beidh ar an múinteoir tacaíochta , a bheidh ag obair leis an dalta tar éis comhairliúcháin agus measúnú foirmiúil a fháil, plean oideachais don dalta aonair a dhearadh agus a chur I bhfeidhm i gcomhpháirt leis na gníomhairí seachtracha, leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ranga.

- Ar mhaithe le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais oideachais an dalta bunaithe ar an diagnóis a tugadh agus ar mhaithe le heolas maidir le deacracht foghlama faoi leith a chomhordú;
- Chun dul i dteagmháil le agus obair as lámh a chéile leis an bpríomhoide chomh maith le tuismitheoirí agus le gníomhairí seachtracha ar mhaithe le plean oideachais an dalta aonair a sholáthar;
- Chun teagasc treoraithe agus tacaíocht oideachais a chur ar fáil don dalta aonair
- Chun saineolas a shealbhú i réimsí éagsúla a bhaineann le riachtanais speisialta ionas go mbeidh sé/sí in ann comhairle agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ranga;
- Chun dul i dteagmháil leis an múinteoir ranga ar mhaithe leis an bplean oideachais don dalta aonair a chur i bhfeidhm
- Chun tacaíocht a chur ar fáil don mhúinteoir ranga maidir le hathruithe a dhéanamh don ábhar curaclaim, áiseanna eile a fhorbairt agus líonra tacaíochta do dhaltaí a bhunú sa seomra ranga.

Tuismitheoirí:

Tá ról lárnach ag na tuismitheoirí le rath na tacaíochta do dhaltaí a mbíonn riachtanais speisialta orthu a chinntiú. Bíonn tuismitheoirí páirteach sa phróiseas trí:

- Chumarsáid rialta a dhéanamh leis an múinteoir ranga agus leis an múinteoir tacaíochta
- Dhearcadh dearfach a chothú maidir leis an scoil agus leis an bhfoghlaim sa pháiste
- Thacú le tascanna obair bhaile

Múinteoirí a thagann ar cuairt chun na scoile:

- Is é an ROS a chuireann na múinteoirí seo ar fáil chun tacaíocht a chur ar fáil do dheacrachtaí foghlama faoi leith ar nós lagú éisteachta agus lagú radhairc.
- Rachaidh an múinteoir seo I dteagmháil leis an múinteoir oideachais speisialta agus leis an múinteoir ranga ar mhaithe le tacaíocht, eolas faoi leith agus saineolas a chur ar fáil sna réimsí seo.

Comhoibriú le Gníomhairí Seachtracha:

D'fhéadfadh aon cheann de na gníomhairí seo a leanas a bheith san áireamh:

- Teiripeoir urlabhra agus teanga
- Teiripeoir saothair
- Síceolaithe
- Baill foirne ón FSS
- Dochtúirí agus síciatraithe
- Aon bhaill eile a bhaineann leis an bpáiste aonair.

Déanfaidh an scoil obair a éascú agus a chomhordú le haon de na gníomhairí luaite thuas, ar mhaithe leis na riachtanais faoi leith agus na háiseanna faoi leith a fháil don dalta.
Aithnítear go dtugann na gníomhairí seo saineolas agus comhairle luachmhar maidir leis na riachtanais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag dalta.
Beidh an múinteoir in ann an t-eolas seo a úsáid ar bhonn leanúnach agus praiticiúil tríd an gcuraclam.

Aistriú:

- Cuirfear na daltaí a aistríonn ag leibhéal Rang 6 go dtí an iar-bhunscoil san áireamh sna gnáthaimh agus sna cláir a leagtar amach do Rang 6.
- Seans go mbeidh tacaíocht bhreise ó dhaltaí a mbíonn riachtanais speisialta orthu ag an am seo toisc go bhféadfadh an t-am seo a bheith ina ábhar buartha dóibh de bharr an athraithe.
- Eagrófar cruinnithe, i gcomhréir le nósanna imeachta na scoile , le múinteoirí iar-bhunscoileanna chun riachtanais na ndaltaí a phlé agus chun an t-aistriú a éascú.

Áiseanna agus Acmhainní:

- I measc na n-áiseanna tá: réimse leathan de théacsleabhair, scéimeanna léitheoireachta, leabhair leabharlainne, ábhair don fhorbairt teanga ó bhéal, cláir T.F. agus go leor ábhar tánaisteach eile.
- Tá teacht ar ábhar a bhaineann le tástáil chaighdeánaithe agus dhiagnóiseacha freisin.
- Bainfear úsáid as ábhair oideachais speisialta go príomha sna seomra oideachais speisialta; d'fhéadfadh na hacmhainní seo a bheith in úsáid ag na múinteoirí ranga tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an múinteoir oideachais speisialta.

Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh:

Má bhíonn gearán ag tuismitheoirí, ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh leis an mbaill foirne seo a leanas:

- Múinteoir ranga
- Déanfar an gearán a fhiosrú agus mura dtiocfar ar réiteach, cuirfear an gearán faoi bhráid an phríomhoide;
- Mura dtiocfar ar réiteach ag an gcéim seo, cuirfear an gearán faoi bhráid an bhoird bhainistíochta.

Síniú: Carol Scott

Príomhoide

Dáta: 10.06.2021

Síniú: Melanie Nf Dhuinn

Cathaoirleach

Data: 10.06.2021

Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Príomhoide: Carol Scott Leas-Phríomhoide: Niamh O'Sullivan
Príomhoide Cúnta: Caroline Ní Ghrifín Príomhoide Cúnta: Caitríona Ní Mhurchú

Uimh. Rolla 20165U Registered Charity No. 20203628